Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn maidir leis an bPlean Gníomhaíochta d'OIFIG AN STIÚRTHÓRA IONCHÚISEAMH POIBLÍ

LE CUR AR AIS TRÁTH NACH DÉANAÍ NÁ an 2 Bealtaine 2012

1. Achoimre ar an bPríomh-Dhul Chun Cinn a baineadh amach sa Tréimhse 12 Mhí ón 1 Aibreán 2011 go dtí an 31 Márta 2012

- Laghdú déanta ar an líon fostaithe i gcomhréir leis na ceanglais faoin gCreat Rialaithe Fostaíochta
- Cinnteoireacht a chineachadh ón Rannán Stiúrtha chuig an Rannóg Cúirte Dúiche ag leanúint ar aghaidh agus déileáladh le 64 chomhad sa tréimhse atá á athbhreithniú.
- Cinnteoireacht a chineachadh ón Rannán Stiúrtha chuig an Rannóg Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh ag leanúint ar aghaidh agus déileáladh le 156 athbhreithniú breithiúnach sa tréimhse atá á athbhreithniú.
- Tús curtha le cinnteoireacht a chineachadh ón Rannán Stiúrtha chuig an Aonad Urghabhála Sócmhainní agus déileáladh le 19 iarratas Alt 39 sa tréimhse atá á athbhreithniú.
- Laghdú tuairim is €1,513,285 ar chostais dlí arna n-íoc i rith na tréimhse atá faoi athbhreithniú i gcomparáid leis an tréimhse chéanna in 2010/2011.
- Mar thoradh ar uathoibriú an chórais táillí, tá 99% de na táillí atá dlite d'abhcóidí ionchúisimh i ndáil le Bannaí Ard-Chúirte agus Trialacha Coiriúla Chúirt Chuarda Bhaile Átha Cliath á n-íoc laistigh de 60 lá ó thráth na héisteachta bunaidh
- Baineadh leas as barainneachtaí tríd an tSeirbhís Náisiúnta Soláthair i ndáil le 10 gconradh a rinneadh ó bhí R1 2012 ann

2. Uasdátú Mionsonraithe ar Dhul Chun Cinn do na 12 mhí ón 1 Aibreán 2011 go dtí an 31 Márta 2012

1. Bainistiú níos fearr a dhéanamh ar acmhainní daonna: *I measc na ngníomhartha faoin gceannteideal seo áirítear, mar shampla, laghduithe ar an líon foirne, athlonnú daoine den fhoireann chuig na réimsí is mó riachtanas; athstruchtúrú/athchumraíocht maidir le soláthar seirbhísí; athruithe ar chleachtais oibre; athbhreithniú ar shocruithe tinrimh; bainistiú ar asláithreacht; bainistiú feidhmíochta etc.*

Téarmaí Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí 2010-2014	Gníomh	Spriocdháta de réir an Phlean Gníomhaíochta Reatha	An Staid Reatha
1.5 4.3 4.4	Laghdú iomlán ar Líon na bhFostaithe	Bainte amach ó 1 Aibreán 2011 go 31 Márta 2012	Líon amhail ag deireadh R1 2011 = **198 FTE** Costais phárolla do R1 2011 = **€3,499,180** (13 phrárolla sheachtainiúla + 7 bpárolla choicísiúla) Líon amhail ag deireadh R1 2012 = **190.79 FTE** Costais phárolla do R1 2012 = **€3,514,788** (13 phrárolla sheachtainiúla + 7 bpárolla choicísiúla)

2. Próisis Ghnó Níos Fearr: *I measc na ngníomhartha faoin gceannteideal seo áirítear, mar shampla, bearta chun éifeachtúlacht agus táirgeacht a mhéadú; réasúnú a dhéanamh ar chroí-struchtúir, ar phróisis ghnó, ar riachtanais chóiríochta etc; cur chuige a bhunú maidir le seirbhísí comhroinnte, foirne trasfheidhme/struchtúir nua oibre a bhunú, an úsáid is mó is féidir a bhaint as an bpoitéinseal a ghabhann teicneolaíocht nua chun sruthlíniú a dhéanamh ar oibríochtaí agus barainneachtaí a ghiniúint etc.*

Téarmaí Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí 2010-2014	Gníomh	Spriocdháta de réir an Phlean Gníomhaíochta Reatha	An Staid Reatha
1.10	Cinnteoireacht ionchúisitheach i gcatagóirí sonracha ciona a chineachadh ón Rannán Stiúrtha chuig an Rannóg Cúirte Dúiche	Leanúnach	Faoin scéim cineachta agus sa tréimhse atá faoi athbhreithniú, dhéileáil an Rannóg Cúirte Dúiche le 64 chomhad ó na Gardaí i gCeantar Cathrach Bhaile Átha Cliath sa chatagóir shonrach ciona. Is é a lean as an athstruchtúrú sin ar na próisis oibre ná deireadh a chur le dúblú saothair sa dá Rannán dhlíthiúla den Oifig i ndáil leis na cásanna sin. Bhí sábháil ama ann dá bharr freisin don fhoireann sa Rannán Stiúrtha, rud a raibh gá leis chun déileáil leis an líon méadaithe comhad a ndéileáiltear leo sa Rannán sin, le castacht mhéadaithe na gcásanna, le cur chun feidhme beartas nua agus réimsí nua freagrachta, agus le tionchar reachtaíochta nua ar obair an Rannáin
1.10	Cinnteoireacht maidir le bainistiú comhad athbhreithnithe bhreithiúnaigh a chineachadh	Leanúnach	**Sa tréimhse atá faoi athbhreithniú, tugadh treoir maidir le 156 chomhad sa Rannóg Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh gan iad a tharchur chuig an rannán Stiúrtha. B'ionann líon na gcomhad feidhme tarmligthe agus 54% de na comhaid uile a osclaíodh sa Rannóg Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh.** **Is é a lean as an athstruchtúrú sin ar an obair ná deireadh a chur le dúblú saothair i Rannán na nAturnaetha agus sa Rannán Stiúrtha i ndáil leis na cásanna sin; táirgeacht mhéadaithe sa rannóg Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh sa mhéid go ndéileáiltear le comhaid athbhreithnithe bhreithiúnaigh laistigh de thréimhse ama níos giorra; sábháil ama cúirte trí laghdú a dhéanamh ar líon na ndátaí cúirte; agus laghdú ar chostais.**

Téarmaí Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí 2010-2014	Gníomh	Spriocdháta de réir an Phlean Gníomhaíochta Reatha	An Staid Reatha
1.10	Cinnteoireacht maidir le bainistiú cásanna urghabhála sócmhainní a chineachadh	Leanúnach	Tar éis don Stiúrthóir an fheidhm tharmligthe a shíniú agus tar éis athchumraíocht a dhéanamh ar ár gCóras Bainistithe Cásanna mar thacaíocht leis sin, tháinig cineachadh cinnteoireachta chuig an Aonad Urghabhála Sócmhainní i bhfeidhm ar an 1 Lúnasa 2011. Baineann an cineachadh le hiarratais ón Stiúrthóir chuig an gCúirt Chuarda faoi Alt 39 den Acht um Cheartas Coiriúil 1994 chun coigistiú a dhéanamh ar airgead tirim ar fáltais ó choireacht é. Roimh an gcineachadh, ba é an fhoireann dlí i Rannán Stiúrtha na hOifige a rinne cinntí ionchúisitheacha sna cásanna sin. Ón 1 Lúnasa 2011 i leith, tá gach cinneadh den sórt sin á dhéanamh ag an bhfoireann san Aonad Urghabhála Sócmhainní i Rannán Aturnaetha na hOifige a dhéanann idirchaidreamh leis an nGarda Síochána, le hAturnaetha Stáit agus le hOifig na gCoimisinéirí Ioncaim. Sa tréimhse sin, dhéileáil an tAonad Urghabhála Sócmhainní le **19** iarratas. De bharr an athstruchtúraithe sin ar an bpróiseas oibre, tá deireadh curtha le dúblú saothair sa dá Rannán Dlí de chuid na hOifige agus bhí sábháil ama ann i gcás na foirne sa Rannán Stiúrtha. Is é a lean as freisin ná bunú pointe amháin teagmhála i gcomhair gach iarratas Alt 39, lárnú seirbhísí do gheallsealbhóirí, agus cruthú deise don fhoireann san Aonad chun speisialtóireacht a fhorbairt sa réimse áirithe seo den obair.
1.11 4.13 4.15	Ardán daingean a thógáil le haghaidh seirbhíse comhroinnte laistigh den earnáil Leabharlainne Rialtais i bhfoirm Catalóige Aontais.	Seoladh an tionscadail i R1 2011 agus tabhairt isteach incriminteach le bheith ann chuig gach leabharlann rannpháirteach faoi R4 2011	**Seoladh an Chatalóg Aontais agus scaipeadh ar na leabharlanna rannpháirteacha í i R1 2012.**

Téarmaí Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí 2010-2014	Gníomh	Spriocdháta de réir an Phlean Gníomhaíochta Reatha	An Staid Reatha
1.10 1.11 4.13 4.15	Leas a bhaint as éifeachtúlacht agus as barainneachtaí scála atá ar fáil mar thoradh ar sheirbhísí agus earraí a fháil tríd an tSeirbhís Náisiúnta Soláthair	Leanúnach ón 1 Eanáir 2012	**Bhain Oifig an DPP leas as éifeachtúlacht agus as barainneachtaí scála a d'éirigh as conarthaí a rinne an tSeirbhís Náisiúnta Soláthair i ndáil le ceannach earraí agus seirbhísí.** **I R1 2012, baineadh leas as deich (10) gconradh den sórt sin thar raon earraí/seirbhísí, lena n-áirítear soláthar gáis agus leictreachais, seirbhísí fón póca, taisteal coigríche agus soláthairtí staiseanóireachta agus oifige.**
1.10	Scrúdú a dhéanamh i dtaobh feabhsuithe ar phróisis ghnó, ar feabhsuithe iad a d'fhéadfaí a dhéanamh mar thoradh ar aistriú roinnt rannóg de chuid na seirbhíse ionchúisimh chuig cóiríocht nua oifige ar Bhóthar na hOtharlainne.	Tá an tionscnamh le tosú sa 3ú Ráithe de 2012	**Níor tosaíodh an tionscnamh fós.**

3. Seirbhísí a Sholáthar do Shaoránaigh: *I measc na ngníomhartha faoin gceannteideal seo áirítear, mar shampla, bearta chun feabhas a chur ar an tseirbhís a sholáthraítear don phobal, lena n-áirítear athruithe ar an teicneolaíocht a úsáidtear, tuilleadh seirbhísí ar líne, comhtháthú seirbhíse, iarrachtaí chun laghdú a dhéanamh ar ualaí faisnéise ar shaoránaigh trí bhainistiú/chomhroinnt níos fearr a dhéanamh i ndáil le sonraí, lena n-áirítear nithe a bhaineann le céannacht etc*

Téarmaí Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí 2010-2014	Gníomh	Spriocdháta de réir an Phlean Gníomhaíochta Reatha	An Staid Reatha
1.10 **4.13**	Tá cur chun feidhme i ndáil le táillí Príomh-Chúirte Coiriúla le tosú i R2 2011 de réir an spriocdháta Tá athbhreithniú déanta ar uathoibriú táillí	**Déanfar cur chun feidhme i ndáil le táillí Príomh-Chúirte Coiriúla a thosú i R2** **Tá athbhreithniú déanta ar uathoibriú táillí**	Cuireadh tús le hobair tástála sreafaí oibre na Príomh-Chúirte Coiriúla le linn R2 2011. I R3 leasaíodh na sreafaí oibre chun déileáil le saincheisteanna a nochtadh mar thoradh ar an tástáil tosaigh agus rinneadh tástáil iomlán a chríochnú maidir leis na hidirbhearta go léir sa tréimhse ó Bhealtaine go dtí Iúil. **Bhí feidhmiú beo le críochnú i R4. Ach thóg sé níos faide ná mar a bhíothas ag ceapadh ar dtús chun rith comhuaineach agus tástáil inghlacthachta a chur i gcrích. Is é atá sa spriocam anois chun tús a chur le feidhmiú beo ná deireadh R2 2012.** Rinneadh athbhreithniú go leanúnach ar íocaíochtaí sreafa oibre ar fud na tréimhse. Mar thoradh air sin, rinneadh an sreabhadh oibre sin a mhínscagadh agus a leasú de réir mar ba ghá. Tá na sreafaí oibre go hiomlán i bhfeidhm anois. De réir an athbhreithnithe ráithiúla is déanaí, taispeántar, i gcás inar cuireadh sreafaí oibre chun feidhme, go ndéantar 90% de na táillí atá dlite a íoc laistigh de 60 lá ó thráth na héisteachta bunaidh. I gcomparáid leis an bhfigiúr sin, bhí 88% de na táillí sin á n-íoc, faoin seanchóras, laistigh de 3 mhí ó thráth na héisteachta bunaidh.
1.10	Beartas docht Socraithe Costas a chur chun feidhme	Leanúnach	**Sa tréimhse atá faoi athbhreithniú, d'íoc Oifig an DPP €2,886,155 mar chostais i leith 186 chás. Sa tréimhse chéanna an bhliain roimhe seo [1 Aibreán 2010 go 31 Márta 2011], d'íoc Oifig an DPP €4,399,440 mar chostais i leith 204 chás. Tharla an laghdú sin ar chostais go háirithe mar gheall ar chur chun feidhme beartais dhocht socraithe costas ag an Oifig seo (cé nárbh é sin amháin ba chúis leis). Is é atá i gceist leis an**

Téarmaí Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí 2010-2014	Gníomh	Spriocdháta de réir an Phlean Gníomhaíochta Reatha	An Staid Reatha
			mbeartas sin ná go ndéanann an Oifig caibidlíocht leis an gcosaint in iarratais ar athbhreithniú breithiúnach i gcás ina gcinntear nach féidir cur i gcoinne an iarratais ar athbhreithniú breithiúnach, ionas gur socraíocht maidir le costais na cosanta a chomhaontú ag leibhéal i bhfad níos ísle. Sa tréimhse atá faoi athbhreithniú, socraíodh 57% de na cásanna ag leibhéal níos ísle ná €10,000 agus CBL san áireamh. De bhreis ar laghdú a dhéanamh ar na méideanna a íocadh mar chostais, is é a lean as an mbeartas seo freisin ná sábháil ama cúirte trí laghdú a dhéanamh ar an líon na ndátaí agus na n-éisteachtaí cúirte.